
# Eispéiris Foghlama Iar-Bhunscoile

## Le linn dianghlasáil Cóivid-19, Eanáir go Márta 2021

Ó 1 Meitheamh 2021 go 11 Meitheamh 2021, d'iarr an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO/ETI) ar dhaltaí ó bhliain 6 go bliain 14, níos mó a insint do gach duine faoi cad é mar a bhí sé bheith mar dhuine óg i mbun foghlama ó Eanáir go Márta 2021, agus an dara dianghlasáil Cóivid-19 ann.

## Iomlán na bhfreagraí

Chomhlánaigh **28,790** dalta san iomlán an ceistneoir, ó bhliain 6 go bliain 14, ó bhreis agus leathchuid (51%) de na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna ar fad i dTuaisceart Éireann.




- Girseach/Baineann..... 52.7%
- Gasúr/Fireann .............43.8%
- Níor mhaith liom a rá ... 2.1%
- Eile ...................................... 1.4%

### Tá achoimre ar bhur bhfreagraí san fhoilseachán seo a chlúdaíonn:


- Ag foghlaim ón bhaile nó sa scoil – na rudaí a d'oibrigh go maith duit
- fanacht sábháilte ar líne
- forbairt scileanna
- sláinte choirp agus folláine mhothúchánach agus mheabhrach

## Na freagraí iar-bhunscoile


Chomhlánaigh **14,534** dalta ó níos mó ná trí cheathrú (77%) de na hiar-bhunscoileanna an ceistneoir. Bhí **13,055** (90%) agaibh ag foghlaim ón bhaile an t-am ar fad nó an chuid is mó den am agus bhí 1,479 (10%) agaibh ag foghlaim sa scoil an t-am ar fad nó an chuid is mó den am.



- Girseach/Baineann..... 56.5%
- Gasúr/Fireann ...............39.6%
- Níor mhaith liom a rá ... 2.2%
- Eile ......................................... 1.7%



- Eochairchéim 3.... 71%
- Eochairchéim 4 ... 21%
- Iar 16......................... 8%



- Bliain 8......25%
- Bliain 9......24%
- Bliain 10 ...22%
- Bliain 11..... 18%
- Bliain 12 ...3%
- Bliain 13 .. 6%
- Bliain 14...2%

## Taitneamh na Foghlama


Bhain ceathrar daltaí as gach cúigear (79%) sult as an fhoghlaim an t-am ar fad, an chuid is mó nó cuid den am le linn na dianghlasála.

Bhain dalta amháin as gach cúigear (21%) sult as an fhoghlaim go fíorannamh nó níor bhain ar chor ar bith.

## Na gléasanna digiteacha a úsáideadh leis an obair scoile a dhéanamh

D'úsáid sibh lear mór gléasanna leis an obair scoile a dhéanamh sa bhaile agus sa scoil.

Ríomhaire glúine/Chromebook ...68%
Fón cliste ............................................65%
Táibléad/iPad ....................................32%
Ríomhaire deisce ..............................20%
Níor úsáideadh gléas ar bith .......... 1%



Sa bhaile d'úsáid 2% díbh Xbox/PlayStation/Nintendo Switch agus d'úsáid 1% teilifíseán cliste. Sa scoil, d'úsáid 2% clár bán idirghníomhach.

### Caighdeán an idirlín/WiFi sa bhaile

Agus sibh ag foghlaim ón bhaile, bhí idirlíon/WiFi iontach maith/láidir ag 49% agaibh chun obair scoile a dhéanamh.

Bhí nasc idirlín/WiFi don obair scoile a bhris go minic ag 43% agaibh.

Bhí idirlíon/WiFi a bhí iontach lag ag 8% agaibh sa bhaile.

## Gnáthamh le hobair scoile a dhéanamh ón bhaile


Bhí an gnáthamh (routine) céanna ag triúr as gach cúigear daltaí gach lá nó an chuid is mó de na laethanta agus iad ag foghlaim ón bhaile le linn na dianghlasála.

Bhí an gnáthamh céanna gach lá ag dalta amháin as gach cúigear (20%).

Ní raibh gnáthamh ar bith lá ar bith ag beagnach dalta amháin as gach cúigear (18%).


## Caidreamh le comhphobal na scoile

Bhí níos mó ná aon trian (36%) de na daltaí a d'fhreagair, a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir gur mhothaigh siad go raibh baint/caidreamh acu le pobal na scoile le linn na dianghlasála, ach bhí beagnach leathchuid (45%) acu a d'easaontaigh nó a d'easaontaigh go láidir.




- Aontaím go láidir............. 5%
- Aontaím........................... 31%
- Easaontaím.................... 30%
- Easaontaím go láidir.... 15%
- Níl a fhios agam ............ 19%


# Ag foghlaim ón bhaile nó sa scoil - na rudaí a d'oibrigh go maith daoibh




**Clárú maidine (rang foirme)**
- Aontaím ..................... 53%
- Ní aontaím ................ 18%
- Níor bhain sé liom ... 29%




**Tionóil ar líne**
- Aontaím ..................... 29%
- Ní aontaím ................ 29%
- Níor bhain sé liom .. 42%




**Ceacht/Seisiún taifeadta**
- Aontaím ..................... 68%
- Ní aontaím ................ 18%
- Níor bhain sé liom ... 14%



**Ceacht/Seisiún beo**
- Aontaím ..................... 72%
- Ní aontaím ................ 19%
- Níor bhain sé liom ... 9%




**Cur i láthair digiteach le guth**
- Aontaím ..................... 50%
- Ní aontaím ................ 28%
- Níor bhain sé liom ... 22%




**Físeáin**
- Aontaím ..................... 75%
- Ní aontaím ................ 17%
- Níor bhain sé liom ... 8%

# Ag foghlaim ón bhaile nó sa scoil - tuilleadh rudaí a d'oibrigh go maith daoibh




Ag déanamh tascanna ar líne ag baint úsáide as áiseanna/ cláir dhigiteacha

- Aontaím....................82%
- Ní aontaím..............15%
- Níor bhain sé liom ...3%




Nótaí/Obair uaslódáilte

- Aontaím....................88%
- Ní aontaím.............10%
- Níor bhain sé liom ...2%




Ag scríobh i gcóipleabhair/ bileoga oibre/leabhráin

- Aontaím.................. 84%
- Ní aontaím...............12%
- Níor bhain sé liom ... 4%




Ag úsáid téacsleabhar

- Aontaím.....................64%
- Ní aontaím...............23%
- Níor bhain sé liom ...13%




Pleanóir nó clár ama le cuidiú liom an fhoghlaim a phleanáil

- Aontaím.....................46%
- Ní aontaím............... 37%
- Níor bhain sé liom ...17%



Deiseanna a bheith ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí le daltaí eile

- Aontaím.....................31%
- Ní aontaím...............38%
- Níor bhain sé liom ...31%



Ag foghlaim liom féin, mar shampla ag déanamh taighde ar thascanna a thug múinteoirí dom


- Aontaím....................74%
- Ní aontaím............. 22%
- Níor bhain sé liom ...4%

## Deacrachtaí leis an obair scoile a dhéanamh ón bhaile

Bhí trí cheathrú agaibh (75%) a dúirt linn go raibh deacracht agaibh obair scoile a dhéanamh ón bhaile, an chuid is mó den am nó an t-am ar fad, le linn na dianghlasála.

Dúirt aon cheathrú (25%) nach raibh mórán deacrachtaí nó deacracht ar bith agaibh an obair scoile a dhéanamh ón bhaile, le linn na dianghlasála.

**Deacrachtaí leis an obair scoile a dhéanamh ón bhaile**




- Cuid den am.....53%
- Ní raibh mórán deacrachtaí nó deacracht ar bith ann.....16%
- An chuid is mó den am.....6%
- An t-am ar fad.....25%

Ba iad na fáthanna ba choitianta a raibh sé deacair oraibh obair scoile a dhéanamh ná féinspreagadh agus barraíocht oibre le déanamh.

**Na fáthanna a raibh deacrachtaí ann obair scoile a dhéanamh ón bhaile nó sa scoil**

Bhí sé deacair orm mé féin a spreagadh chun obair a dhéanamh.....58%
Sílim go raibh barraíocht oibre le déanamh agam.....47%
Bhí sé deacair orm mo chuid ama a bhainistiú.....39%
Bhí sé deacair orm an obair a thuigbheáil.....38%
Bhí orm gléas digiteach a roinnt.....10%
Ní raibh gléas digiteach agam.....2%




Sa bhaile, bhí fadhbanna ag 28% díbh leis an idirlíon/WiFi, ní raibh áit chiúin ag 18% le bheith ag obair agus ní raibh an trealamh/na háiseanna a bhí de dhíth ag 6%.

## Ag fanacht sábháilte ar líne

Den chuid is mó, is ó mhúinteoir, tuismitheoir nó cúramóir a d'fhoghlaim sibh faoi bheith sabháilte ar líne.

Múinteoir.....79%
Tuismitheoir nó cúramóir.....74%
Cláir theilifíse/físeáin/suíomhanna idirlín.....37%
Duine eile sa teaghlach.....26%
Cur i láthair/grúpa a tháinig isteach.....26%
Childline nó an NSPCC.....22%
Duine fásta eile.....19%
Cara.....18%
Safer Schools App.....5%
Níor theagasc duine ar bith dom an dóigh le fanacht sábháilte ar líne.....3%




## Ag fáil cuidithe agus aiseolais, agus ag tabhairt tuairimí


Agussibh ag obair ón bhaile, d 'iarr 62% díbh cuidiú leis an obair scoile ar chara nó dalta eile sa rang, dá mba ghá.

**Cuidiú leis an obair scoile, dá mba ghá**

Cara nó dalta eile as mo rang............ 62%
Tuismitheoir nó cúramóir...................... 58%
Múinteoir nó cúntóir ranga...................47%
Dearthár nó deirfiúr ............................ 25%
Duine eile sa teaghlach ........................16%
Níor iarr mé cuidiú ar dhuine ar bith ...11%




**Ag fáil aiseolais: Cineál(acha) aiseolais ar mo chuid oibre a bhí úsáideach dom**




**Tuairimí scríofa**

- Aontaím..................86%
- Ní aontaím...............11%
- Níor bhain sé liom ...3%




**Ríomhphost**

- Aontaím.................... 45%
- Ní aontaím............... 32%
- Níor bhain sé liom .. 23%




**Aiseloas ó bhéal/Teachtaireacht ghutha ar obair scríofa**

- Aontaím:..................... 54%
- Ní aontaím................ 24%
- Níor bhain sé liom ... 22%



**Aiseolas i rith ceachta/ seisiúin**

- Aontaím.....................63%
- Ní aontaím...............22%
- Níor bhain sé liom ...15%




**Quizeanna ar líne**

- Aontaím.................... 65%
- Ní aontaím................ 21%
- Níor bhain sé liom ... 14%


**Ag nochtadh barúlacha**
Trí cheathrú de na daltaí (75%) a d'fhreagair, a dúirt linn gur thug múinteoirí deiseanna tuairimí a thabhairt faoi na rudaí a d'oibrigh go maith agus iad ag foghlaim le linn na dianghlasála.

## FORBAIRT SCILEANNA LE LINN NA DIANGHLASÁLA




Chuir mé feabhas ar mo scileanna cumarsáide.

- Aontaím.................. 36%
- Ní aontaím..............42%
- Níl a fhios agam ...22%




Chuir mé feabhas ar mo scileanna TFC.

- Aontaím..................70%
- Ní aontaím.............20%
- Níl a fhios agam ...10%




Chuir mé feabhas ar mo scileanna cruthaitheacha.

- Aontaím..................49%
- Ní aontaím.............34%
- Níl a fhios agam ... 17%




Chuir mé feabhas ar mo scileanna cinnteoireachta.

- Aontaím.................. 52%
- Ní aontaím..............30%
- Níl a fhios agam ...18%




Chuir mé feabhas ar mo scileanna bainistithe eolais.

- Aontaím.................. 59%
- Ní aontaím..............25%
- Níl a fhios agam ... 16%




Chuir mé feabhas ar mo scileanna réitigh fadhbanna.

- Aontaím..................58%
- Ní aontaím.............26%
- Níl a fhios agam ...16%




Chuir mé feabhas ar mo scileanna eagrúcháin.

- Aontaím.................. 54%
- Ní aontaím............. 34%
- Níl a fhios agam ... 12%




Chuir mé feabhas ar mo scileanna bainistithe ama.

- Aontaím.................. 47%
- Ní aontaím............ 40%
- Níl a fhios agam ... 13%



Chuir mé feabhas ar mo scileanna neamhspleáchais/a bhaineann le bheith ag obair liom féin.

- Aontaím.....................77%
- Ní aontaím................ 15%
- Níl a fhios agam .......8%



Chuir mé feabhas ar mo scileanna a bhaineann le bheith ag obair le daoine eile.

- Aontaím.......................26%
- Ní aontaím..................56%
- Níl a fhios agam ....... 18%


## SLÁINTE CHOIRP AGUS FOLLÁINE MHOTHÚCHÁNACH AGUS MHEABHRACH

Agus sibh ag foghlaim ón bhaile, bhí 70% agaibh a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir gur thug sibh aire don tsláinte choirp.

Bhí 53% agaibh a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir gur thug sibh aire don fholláine mhothúchánach agus mheabhrach.


Bhí 19% agaibh a d'easaontaigh nó a d'easaontaigh go láidir gur thug sibh aire don fholláine mhothúchánach agus mheabhrach agus sibh ag foghlaim ón bhaile.

**Sláinte choirp**



- Aontaím go láidir........ 23%
- Aontaím........................48%
- Easaontaím.................. 13%
- Easaontaím go láidir ...6%
- Níl a fhios agam ..........10%

**Folláine mhothúchánach agus mheabhrach**




- Aontaím go láidir......... 14%
- Aontaím..........................39%
- Easaontaím.................. 18%
- Easaontaím go láidir...13%
- Níl a fhios agam .......... 16%

## AG BAINT SUILT AS BHEITH AR AIS AR SCOIL

Chuir sibh in iúl dúinn gurb iad na rudaí is mó a mbaineann sibh sult astu faoi bheith ar ais ar scoil ná bualadh le bhur gcairde aghaidh ar aghaidh, am sosa agus am lóin, agus bhur múinteoirí a bheith do bhur dteagasc aghaidh ar aghaidh.

**Ag baint suilt as bheith ar ais ar scoil**

Bualadh le mo chairde uilig aghaidh ar aghaidh ........................................ 92%
Am sosa agus am lóin.................................................................................. 61%
Mo mhúinteoirí a bheith do mo theagasc aghaidh ar aghaidh.................57%
Bheith ag obair le daltaí eile aghaidh ar aghaidh........................................ 49%
An gnáthamh scoile a bheith ann.................................................................. 45%
An fhoireann agus na múinteoirí uilig a fheiceáil aghaidh ar aghaidh ...30%



## MAR FHOCAL SCOIR...

Buíochas ó COO/ETI leis na daltaí go léir a d'fhreagair an ceistneoir. Cuideoidh na freagraí le gach duine a bhfuil suim acu san oideachas machnamh a dhéanamh ar na rudaí a oibríonn go maith agus ar na rudaí atá tábhachtach d'fhoghlaimeoirí nuair a tharlaíonn an fhoghlaim go cianda agus ar líne.

The Education and Training Inspectorate (ETI)

ETInews ETI_news

www.etini.gov.uk